

Scéim Teanga

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Nollaig 2018

INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Scéim Teanga an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Le linn forbairt na scéimeanna seo, tá comhlachtaí poiblí ag cur roinnt seirbhísí éagsúla ar fáil don phobal agus tá cur chuige i leith ag gach comhlacht poiblí faoin bhealach leis na dualgais seo a chur i gcrích. Is é an deacracht is mó a bhaineann leis seo ná go mbíonn sé deacair ar an phobal fios a bheith acu ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh in am ar bith ó chomhlacht poiblí ar bith, agus cruthaíonn an éiginnteacht seo drogall i measc an phobail faoi seirbhísí Gaeilge a úsáid.

Ba chóir go ndéanfar iarracht an pobal a chur ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge agus ba chóir go mbeadh feabhas a dhéanamh ar na seirbhísí siúd go dtí go bhfuil siad ar chomhchéim iomlán leis na seirbhísí atá ar fáil trí mheán an Bhéarla.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn i dtaobh inniúlacht an stát seirbhís agus seirbhísí poiblí maidir lena seirbhísí Gaeilge. Mar sin caithfidh an Scéim Teanga é seo a thógáil san áireamh. Tá Comhaontú Seirbhíse maidir le hoiliúint sa Ghaeilge agus measúnú ar inniúlacht sa Ghaeilge a sholáthar chuig Ranna / Oifigí státseirbhíse idir sibh féin agus An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Mar sin caithfear a chinntiú go mbeidh sibh ag comhlíonadh an comhaontú sin agus nach bhfuil an Scéim Teanga ag teacht trasna ar sin ach go bhfuil an dhá cáipéis ag tacú lena chéile.

LÁTHAIR AR LÍNE

Comhthéacs: Ar nós tairiscint ghníomhach a dhéanamh in áiteanna poiblí, is féidir léiriú trí láthair ar líne go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus gur féidir seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fháil ón chomhlacht poiblí. Mar gheall ar an ról súntasach atá ag seirbhísí ar líne agus ag láthair ar líne, is mór an difear agus an tábhacht a bhaineann leis an chuid seo den tairiscint ghníomhach.

Rogha Teanga: Ba chóir go mbeadh rogha teanga ar fáil ar an chéad leathanach den tsuíomh leis an rogha Gaeilge ar bharr nó roimh rogha Béarla leis seo an rogha Gaeilge a chur chun tosaigh. Ba chóir fosta go mbeidh an rogha seo ar fáil ar ghach leathanach ar an suíomh le cuidiú le daoine malartú idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla más maith leo é sin a dhéanamh.

Ábhar: Ba chóir go mbeadh gach ábhar ar líne ar fáil as Gaeilge. Níor leor go mbeadh aon leathanach amháin i rannóg Gaeilge ar an suíomh leis na cáipéisí atá aistrithe go Gaeilge ag an chomhlacht air. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge in úsáid fud fad an tsuímh agus gur féidir le daoine eispéaras iomlán a bheith acu ar an suíomh trí mheán na Gaeilge.

Foirmeacha ar líne: Ba chóir go mbeadh fáil ar líne ar fhoirmeacha aistrithe trí mheán na Gaeilge san áit ceánna agus atá leagan Béarla ar fáil. Fosta, ba chóir cinntiú gur féidir le aon chóras ar líne glacadh le síntí fada le cinntiú gur féidir le daoine na foirmeacha seo a líonadh isteach mar is cuí. Aistriúchán: Níor chóir brath ar seirbhís aistriúcháin uathoibríoch ar nós Google Translate. Níl siad cruinn agus níl seo fóirsteanach do dhaoine atá ar lorg eolais ó chomhlacht phoiblí ar líne. Ba chóir aistritheoir proifisiúnta a fhostú a dhéanfaidh an obair seo mar is ceart ón thús. Agus príomh-ábhar an tsuímh aistrithe, ní bhíonn cuid mhór aistriúchán le déanamh.

Ath-threorú: Más rud é go n-athraítear rogha teanga úsáideora agus iad ar shuíomh na roinne, níor chóir go ndéanfar ath-threorú orthu chuig leathanach baile an tsuímh nó chuig leathanach a phléann leis an Ghaeilge amháin. Ba chóir go mbeidh tú in ann malartú idir teangacha ar aon leathanach amháin.

Stíleanna agus Méideanna: Ba chóir go mbeadh na stíleanna agus na méideanna ceánna in úsáid don dhá teanga a oiread agus is féidir. In amanna, is gá leasuithe a dhéanamh mar gheall ar mhéid focal nó fad frása i gcodanna áirithe den tsuíomh ach ba chóir go bhfuil feiceálacht an dhá theanga comh maith ceánna maidir le leagan amach, inrochtaineacht srl.

Seoladh Fearainn: Ba chóir go mbeadh leagan Gaeilge den ainm fearainn ar fáil. Is féidir le dhá ainm fearainn bheith cláraithe leis an suíomh ceánna, ceann as Gaeilge as ceann as Béarla. Mar shampla is féidir www.ainmanchomhlachta.ie agus www.nameofcompany.ie bheith in úsáid don tsuíomh ceánna. Is féidir síntí fada a úsáid in ainm fearainn anois. B'fhiú iad a úsáid má tá ainm fearainn le bheith ann a bhfuil síntí fada ann. Is féidir an dá leagan den ainm fearainn a bheith ann as Gaeilge, ceann le síntí fada agus ceann gan, chun cinntiú go bhfuil fáil ag an pobal ar an suíomh go héasca de bharr taithí na blianta gan fada a úsáid sna ainmneacha fearainn.

Na meáin sóisialta: Tá ardú súntasach tagtha ar mhinicíocht teagmhála tríd na meáin sóisialta le comhlachtaí stáit le blianta beaga anuas agus ní mór do na comhlachtaí seo freastal ar an éileamh seo agus cumarsáid a dhéanamh leis an phobal ar na hardáin seo. Ar nós suíomhanna idirlín, ba chóir go mbeadh gach eolas atá le foilsiú ar na meáin sóisialta go dátheangach ar a laghad. Is féidir é seo a dhéanamh trí dhá theanga a chur isteach in aon phostáil amháin, nó trí dhá phostáil éagsúil a dhéanamh le ceann as Gaeilge agus an ceann eile as Béarla más gá. Tá an rogha ann freisin leathanach Facebook nó cuntas Twitter, Instagram, Snapchat, LinkedIn, srl. breise a chruthú as Gaeilge, ach a chinntiú go bhfuil an méid póstálacha ceánna á dhéanamh as Gaeilge agus atá i mBéarla, ionas go bhfuil comhchaighdeán seirbhís sna dhá teangacha oifigiúla. Fosta, ba chóir go mbeadh an pobal in ann cumarsáid a dhéanamh leis an chomhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge agus bheith ag dúil le freagra as Gaeilge ón fhoinse ceánna.

I gcás suíomh gréasáin An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ann féin, tá cúpla fadhb ann leis an láithreán <https://www.per.gov.ie/ga/>. Tá formhór na fotha nuachta i mBéarla. Ba chóir go mbeidh na fotha nuachta go hiomlán as Gaeilge más is ar an leagan Gaeilge den leathanach atá tú. Aon nasc atá ann d'aon Suíomh Rialtais nó Comhlacht Poiblí ba chóir go mbeidh an nasc sin ar fáil as

Gaeilge, beidh gá le dul i dteagmháil leis an Roinn Rialtais nó Comhlacht Poiblí chun iarraidh orthu é sin a chinntiú. Tá formhór an suíomh i nGaeilge, is maith sin, ní gá anois ach tógáil ar sin agus córas a eagrú chun cinntiú go mbeidh an suíomh go hiomlán cothrom i dtaobh dátheangachas de ag tógáil san áireamh an córas poiblíochta atá agaibh.

Aon aip atá a fhorbairt ba chóir go mbeidh leagan Gaeilge ar fáil den aip. Is féidir rogha Gaeilge a chur ar fáil san aip nó aip i nGaeilge amháin a fhorbairt.

CUSTAIMÉIRÍ

I measc na custaiméirí atá agaibh tá an tAire agus an tAire Stáit, comhaltaí eile an Oireachtais, ionadaithe poiblí áitiúla, an pobal, na comhlachtaí poiblí faoinár gcúram, comhlachtaí poiblí atá rannpháirteach sna hearnálacha a bhfuilimid freagrach astu, daoine aonair agus cuideachtaí a bhfuil caidreamh díreach gnó againn leo, ranna rialtais eile agus comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a bhíonn i dteagmháil leis an Roinn mar gheall ar a shainleasanna agus a n-ábhar imní. Tá cuid de na custaiméirí sin ina chainteoirí Gaeilge agus caithfear aitheantas a thabhairt dá gcearta daonna trí sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge dá mba mhian leo.

CÁIPÉISÍ

Luaigh sa Scéim Teanga 2015 - 2018:

Agus aird á tabhairt ar an gcineál oibre a dhéanann an Roinn, atá bunaithe den chuid is mó ar bheartas nach bhfuil soláthar seirbhísí don phobal i gcoitinne i gceist leis, is i mBéarla amháin atá formhór na gcáipéisí a chuireann an Roinn ar fáil. Cuimsíonn sé seo doiciméid shainiúla nó theicniúla a tháirgeann an Roinn nach bhfuil dírithe ar an phobal i gcoitinne, ar a n-áirítear iarratais ar cháipéisíocht tairisceana, foirmeacha iarratais móra agus mionsonraithe, ciorcláin agus treoirleabhair inmheánacha.

Don scéim teanga seo ba chóir go mbeidh leagan Gaeilge curtha ar fáil de gach cáipéis, ionas go bhfuil sé ar fáil do gach custaiméir. I bhformhór na cásanna ní gá ach leagan leictreonach a chur ar fáil, a laghdaíonn ar chostas priontála dá bharr.

COMHARTHAÍOCHT

De réir ailt 6.1 de Ionstraim Reachtuil Uimh. 391 de 2008 tá gá go mbeidh gach comhartha atá á thaispeáint sa bhfoirgneamh dátheangach. Caithfear a chinntiú:

go mbeidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús, go mbeidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla, ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla, maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

Mar sin beidh gá le hiniúchadh a dhéanamh ar na comharthaí agus an Scéim Teanga seo á dréachtú

FÓGRAÍOCHT

Má tá aon fógra á chruthú in aon meáin i mBéarla ba chóir leagan Gaeilge a chruthú de chomh maith. Mar sin má tá rannóg meáin ann tá gá le duine a fhostú a bhfuil cumas Gaeilge, scileanna aistriúcháin agus scileanna caidreamh phoiblí acu, ionas go bhfuil siad in ann preas ráitis, fógraí, tvúiteanna, póstáileacha Facebook, srl. a scríobh i nGaeilge. Freisin ba chóir go mbeidh an té in ann deileáil le agallamh raidió, teilifíse, srl. trí Ghaeilge. Is féidir fógraí Gaeilge a chur sna meáin Béarla chomh maith leis na meáin Gaeilge, mar go mbíonn formhór pobal na Gaeilge ag breathnú ar na meáin trí Bhéarla.

INNIÚLACHT SA GHAEILGE


Ba chóir sprioc a leagadh síos sa scéim nua maidir le líon na bhfostaí atá in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Sprioc a mholaimid ná go mbeidh 20% de na hoibrithe le Gaeilge roimh deireadh na scéime. Agus an sprioc seo leagtha síos, is féidir pleanáil a dhéanamh ar cad é mar is féidir an sprioc seo a bhaint amach idir ranganna/cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil d'fhostaí, tacaíocht a thabhairt dóibh a gcuid Gaeilge a úsáid san áit oibre agus an Ghaeilge a chur san áireamh i bpróisis earcaíochta. Tríd an infheistíocht seo a dhéanamh san fhoireann, beidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe níos ábalta seirbhís a chur ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge. De réir freagra an Ceist Dála 30092/16 níl ach 'seachtar ball foirne a bhfuil cumas feidhmeach acu obair na Roinne a dhéanamh sa Ghaeilge, coibhéseach le tuairim 1% den fhoireann uile.' Tá an méid sin tharr a bheith íseal agus tá práinn mar sin le líon an fhoireann a mhéadú a bhfuil cumas feidhmeach acu obair na Roinne a dhéanamh sa Ghaeilge. Molfaimid go mbeidh cumas ag an bhfáilteoir (an phríomh duine a dheileáileann leis an bpobal) Gaeilge a úsáid. Tá seo mar nós tairiscint gníomhach, rud a chruthaíonn dea chaidrimh leis an bpobal agus nach briseann cearta teanga d'aon duine den phobal. Ba chóir go mbeidh, ón am a chuirfidh duine ón bpobal glaoch go dtí go an t-am a chuirfidh siad síos an ghuthán go bhfuil siad in ann plé le duine le Gaeilge.

Má bhuaileann duine isteach go dtí an fhoirgneamh arís gach teagmháil atá ag an duine ón bpobal ba chóir go mbeidh sé nó sí ag plé le gach duine as Gaeilge go dtí an am a fágann sé nó sí. Ar an chaoi céanna gach freagra a fhaigheann duine ón bpobal ar ríomhphost nó litir ba chóir go mbeidh sé i nGaeilge má scríobhtar i nGaeilge. Caithfear é seo a fheiceáil mar shlabhra cumarsáide. Chuile duine nach bhfuil in ann seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhuine atá ag iarraidh seirbhís trí Ghaeilge, tá an duine sin ag briseadh cearta daonna, ie cearta teanga an duine atá ag iarraidh seirbhís trí Ghaeilge. Dar ndóigh chun é seo a chinntiú tá gá le plean le cinntiú go mbeidh líon oibrithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag méadú sa todhchaí. Caithfear a aithint mar Roinn go bhfuil na príomh teagmhálaithe a bhéas agaibh ná stát seirbhísigh eile, ach ní thógann sé sin nach bhfuil ceart acu an Ghaeilge a úsáid, mar gur saoránaigh na tíre iad chomh maith.

Tá gá le hiniúchadh scileanna an fhoireann a dhéanamh chun na cainteoirí dátheangacha/ilteangacha a aimsiú sa roinn agus liosta a chur ar fáil don bhfáilteoir. Ba chóir go mbeidh an liosta sin ag fás ó bhliain go bliain trí earcaíocht agus oiliúint. Is féidir é seo a chur mar chuid de Fhórsa Saothair a Phleanáil (Workforce Planning) ionas go mbeidh sé ag luí isteach leis na córais atá ann faoi láthair.

DEARCTHAÍ AN PHOBAIL

Ní amháin go bhfuil dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ach léiríonn taighde gur mhaith le daoine é seo a fheiceáil agus go gcreideann siad gur chóir go mbeadh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge dóibh siúd ar mhaith leo iad a úsáid.



Léiríonn na staitisticí seo thuas gur mhaith leis an phobal a fheiceáil go bhfuil comhlachtaí poiblí ag comhlíonadh a gcuid dualgas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

TAIRISCINT GHNÍOMHACH

Comhthéacs: Mura bhfuil an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil ó chomhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge ní féidir leo nó beidh drogall orthu éileamh a dhéanamh ar na seirbhísí seo. Cruthaíonn tairiscint gníomhach cultúr maith don phobal ó thaobh na Gaeilge de mar gheall go bhfuil sé soiléir do dhaoine go bhfuil fáilte roimh labhairt na Gaeilge sa chomhlacht agus go mbeidh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge más sin an rogha a dhéanfar. Ní leor go mbeadh seirbhísí bunúsacha amháin ar fáil trí mheán na Gaeilge mura bhfuil sé ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís atá ar fáil trí mheán an Bhéarla ón fhoinsé ceánna. Caithfear fáil ar na seirbhísí seo bheith ag pobal na Gaeilge agus Gaeltachta gan aon choinníollacha ama nó iarrachtaí breise óna dtaobhsa. Mar chuid den tairiscint ghníomhach, is gá cinntiú go bhfuil an Ghaeilge le feiceáil i gcomhlachtaí poiblí ar chomhcheim leis an Bhéarla. Cruthaíonn feiceálacht na Gaeilge atmaisféar compordach do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid agus fios acu go pléifear lena gcuid nó mar is cuí.

- Ba chóir go mbeadh comharthaíocht dhátheangach a chur in airde laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh de chuid an chomhlachta.
- Ba chóir go mbeadh comhartha nó suaitheantas a bheith ag fostaí ar a ndéasc nó ar a n-éide atá in ann seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir a mhór a dhéanamh de na seirbhísí ar fad atá ar fáil trí mheán na Gaeilge, ag úsáid gléasanna bolscaireachta agus poiblíochta.

- Foirmeacha nó foilseacháin eile bheith ar fáil go dátheangach nó as Gaeilge agus as Béarla go huathoibríoch, le cinntiú nach gcaithfear iarr ar leagan Gaeilge a fháil in áit leagan Béarla amháin.
 - Ba chóir go bhfuil aon seastán, bileog eolais, póstaer srl de chuid comhlacht poiblí go dátheangach.
 - I gcáipéisí dátheangacha, moltar leagan Gaeilge agus leagan Béarla den téacs a chur taobh le taobh le chéile, le cló den mhéid agus stíl ceánna in úsáid.
 - Ag ócáidí poiblí, ba chóir go n-úsáidfear an Ghaeilge mar chuid den ócáid sin le linn fáiltiú, óráidí, nó cainteanna eile le freastail ar phobal na Gaeilge agus Gaeltachta.
 - Ba chóir urlabhraí a chur ar fáil gur féidir leis/léi agallamh a dhéanamh leis na meáin trí mheán na Gaeilge.
 - Ba chóir go mbeadh aon fhógraíocht atá le déanamh ar son aon chomhlacht poiblí go dátheangach, bíodh sin ar líne, sna meáin traidisiúnta, ar theilifis nó raidió srl.
- Tá an roinn seo an-tábhachtach ó thaobh seirbhísí de. Ní mór bheith airdeallach ar na pointí thuas agus an oifig ag dul i mbun gnó, go háirithe aon ghnó a le muintir na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge. Go siombalach agus go praiticiúil mar sin, tá géarghá ann go mbeadh na deiseanna chéanna ag daoine bheith ag plé i nGaeilge leis an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe is a bheadh acu an plé sin a dhéanamh i mBéarla.

FOILSEACHÁIN AGUS FOIRMEACHA

Comhthéacs: Is gá go mbeadh eolas faoi sheirbhísí reatha, phleananna agus gach cineál eolais eile ar fáil go dátheangach i dtaca leis an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba chóir gach ábhar a chur ar fáil go dátheangach, ina n-áirítear, bileoga eolais, paimfléid, foirmeacha, tuarascálacha bliantúla, cuntais, comhaontaithe oibrithe, comharthaí, fógraí poiblí agus gach eolas eile a chuirtear ar fáil.

- Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla.
- Ba chóir go mbeidh an Ghaeilge agus an Béarla in aon cháipéis nó foirm dhátheangach taobh le taobh leis an teanga eile faoi aon chlúdach amháin (réiteodh seo an fhadhb nach mbíonn foirmeacha Gaeilge ar fáil in oifigí stáit agus thabharfadh sé deis agus spreagadh don phobal ar fad foirmeacha a líonadh as Gaeilge más mian leo).
- Ba chóir go cinnteofar go mbeidh gach cáipéis a fhoilsiú as Gaeilge ag an am ceánna agus a foilsítear leagan Béarla, nó ba chóir go bhfoilsítear cáipéisí go dátheangach leis an Ghaeilge leis an dhá teanga taobh ar thaobh le chéile.

ACMHAINNÍ DAONNA

Comhthéacs: Le seirbhísí teanga a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ar bhealach éifeachtach agus fóirsteanach d'obair na heagraíochta, is gá cúrsaí acmhainní daonna a chur san áireamh mar chuid de phleanáil teanga na heagraíochta.

- Ba chóir feachtais feasachta agus seimineár eolais a chur ar fáil d'fhostaí maidir leis na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí maidir leis an Ghaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cén fáth go bhfuil sé tábhachtach na dualgais seo a chomhlíonadh mar is cuí.
- Ba chóir eolas a chur ar fáil don phobal faoin fhoireann atá in ann seirbhís(i) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go n-eagrófaí córas cinnte chun teagmháil a dhéanamh leis na baill foirne sin agus chun a léiriú cén réimse seirbhíse atá siad in ann a chur ar fáil.
- Ba chóir go gcuirfeadh inniúlacht sa Ghaeilge in san áireamh le linn próisis earcaíochta mar gheall ar an luach breise atá bainte leis seo don chomhlacht poiblí.

- Ba chóir go mbeadh deiseanna oiliúna ar fáil do bhaill foirne nach bhfuil in ann seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge le tacú leo é seo a dhéanamh sa toadhcháil.
- Ba chóir go ndéanfar iniúchadh ar na deiseanna a bheadh ann maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge dá mbeadh fostaí atá inniúil sa Ghaeilge i rólanna éagsúla agus spriocanna a leagadh síos maidir le líonadh na rólanna siúd le fostaí atá inniúil sa Ghaeilge.
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge feiceálach san áit oibre i gcomhlachtaí poiblí, áiteanna atá príobháideach d'fhostaí amháin san áireamh. Cuirfear le cultúr ina bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge dá mba rud é go bhfuil sí le feiceáil agus go spreagfar í a úsáid mar gheall air seo.
- Ba chóir go mbeadh an ceart céanna ag aon duine atá ag obair sa Státseirbhís lena gcuid oibre a dhéanamh leis an stát trí Ghaeilge, i. ardú céime, measúnú foirne, comhfhreagras inmheánach don fhoireann, srl.
- Tá gá le oifigeach Gaeilge lán aimseartha a fhostú ionas go bhfuil duine faoi leith i bhfeighil ar an scéim agus ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm an scéim. Ní chóir go mbeidh príomh obair an oifigeach, aistriúcháin. Is féidir oifigeach Gaeilge eile a fhostú chun díriú ar an obair sin nó is féidir aistritheoirí a íoc chun an aistriúcháin a dhéanamh.
- Caithfear a aithint go mbeidh an Roinn ag deileáil le eagraíochtaí Stáit ar nós Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge, COGG, srl. agus mar sin caithfidh cumas Gaeilge a bheith ag an té a bhéas ag plé leis na heagraíochtaí sin.
- Ba chóir go mbeidh rogha Gaeilge ar fáil gan ceist ag gach leibhéal agus aonad / rannóg den roinn ionas nach bhristear an slabhra cumarsáid Gaeilge an saoránach.
- Tá gá leis na postanna seo a aithint ar a laghad go caithfidh duine a bhfuil cumas líofa Gaeilge (TEG B2) acu i labhairt, éisteacht, léamh agus scríobh - Fáilteoir, Príomhoifigeach Gaeilge, Oifigeach Gaeilge cúnata, oifigeach caidreamh poiblí agus duine nó daoine ainmnithe chun deileáil le eagraíochtaí Stáit atá ag plé go príomhdha trí Ghaeilge.

COMHFHREAGRAS AGUS TEAGMHÁIL LEIS AN PHOBAL

Comhthéacs: Clúdaíonn an téarma comhfhreagras gach teagmháil idir an custaiméir agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, litreacha, ríomhphoist, scairteanna gutháin, teachtaireachtaí ar na meáin sóisialta srl. Déanfar tuilleadh plé ar chodanna áirithe de chomhfhreagras thíos ach is iad seo a leanas na bunphrionsabail atá le cur i bhfeidhm maidir le gach coinneáil comhfhreagrais:

- Ba chóir go mbeadh rogha teanga an duine soiléir don duine sin ó thús na teagmhála leis an duine sin agus an comhlacht poiblí. Agus tús curtha le cumarsáid i dteanga amháin idir beirt duine, is minic go gcloítear leis an teanga sin cé go bhfuil roghanna eile ar fáil, mar sin caithfear an rogha teanga a chur in iúl a luaithe agus is féidir.
- Ba chóir nach mbeadh aon mhoill nó deacrachtaí acu siúd a dhéanann teagmháil le comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge mar gheall ar an rogha teanga. Ciallaíonn é seo nach mbeadh orthu fanacht tuilleadh ama le haghaidh freagra ar chomhfhreagras, nó go mbeadh moill ar a gcuid gnó mar gheall ar an rogha teanga a rinne siad. Dá mbeadh tuilleadh ama nó oibre de dhíth le gnó a dhéanamh le comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge, bainfear an rogha ó dhaoine i dtéarmaí praiticiúla mar gheall ar bhrú ama nó mar gheall nár mhaith le daoine deacrachtaí a chruthú.

RÍOMHPHOST

- Ba chóir go mbeadh síntí ríomhphoist corparáideach socruithe go dátheangach go huathoibríoch.
- Ba chóir go mbeadh aon teachtaireacht as-oifig nó freagra uathoibríoch eile scríofa go

dátheangach

- Ba chóir go mbeadh líne i síní ríomhphoist ag daoine a bhfuil Gaeilge acu ag rá go bhfuil Gaeilge acu agus go gcuirtear fáilte roimh úsáid na Gaeilge leis an duine sin. Cé go bhfuil an ceart i gcónaí ag daoine comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, cuireann sé seo daoine ar an eolas gur féidir leo bheith ag plé le duine i leith san eagraíocht trí mheán na Gaeilge agus spreagar úsáid na Gaeilge mar gheall air.
- Ba chóir go mbeadh dhá ainm fearainn in úsáid as Gaeilge agus as Béarla. Is féidir na seoltaí a cheangal agus bheadh an sprioc ceánna ag an dhá ríomhphost más gá. Mar shampla, d'fhéadfaí eolas@ainmeagraíochta.ie agus info@nameoforganisation.ie a úsáid.

GLAOCHANNA GUTHÁIN

- Nuair a théann scairteanna gutháin a thagann isteach chuig comhlachtaí poiblí chuig lasc-chlár go huathoibríoch, ba chóir go mbeadh roghanna as Gaeilge ar fáil mar an chéad rogha.
- Mura bhfuil rogha Gaeilge ar fáil ar chóras gutháin, ba chóir go mbainfear úsáid as beannachtaí agus freagraí bunúsacha as Gaeilge ar nós 'maidin mhaith,' 'go raibh maith agat' srl.
- Ba chóir go mbeadh an fostaí atá freagrach as scairteanna a fhreagairt i gcomhlachtaí poiblí in ann Gaeilge a thuiscint.
- Ba chóir go dtabharfar leagan Gaeilge d'ainm na heagraíochtaí nuair a fhreagraítear scairt guthán.

INIÚCHADH SOCHTHEANGEOLAÍOCHTA

- Aon gnímh (stráitéis, polasaí, reachtaíocht a dréachtadh, srl.) a dhéanann an roinn a bhfuil tionchar ar an stát seirbhís agus seirbhís poiblí, tá gá leis an roinn iniúchadh sochtheangeolaíochta a dhéanamh roimh a dhéantar an gnímh. Tá tionchar ag an roinn ar suas go 300,000 daoine ina ghníomhaíochtaí agus go leor dóibh siúd tá siad ina chainteoirí Gaeilge.
- Chun iniúchadh sochtheangeolaíochta ceart a dhéanamh caithfear breathnú agus cinntiú go bhfuil do ghnímh ag teacht leis an reachtaíocht agus straitéisí atá ann i dtaobh na Gaeilge de. Ina measc caithfear breathnú ar Airteagail 8, Bunreacht na hÉireann, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (mar chuid de seo, do Scéim Teanga féin), Ár Seirbhís Poiblí 2020, Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

- Tá gá le Bainisteoir Sinsearach monatóireacht rialta (ie go míosúil) a dhéanamh ar fheidhmiú an Scéim Teanga, sé sin an bhfuil na seirbhísí atá luaite sa scéim teanga á chur ar fáil do na custaiméirí as Gaeilge. Tá gá do gach oibrí (an fáilteoir ach go háirithe) taifid a choinneáil ar gach uair a iarrtar seirbhís as Gaeilge agus cén saghas seirbhís atá á iarraidh. Nuair nach bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil don gcustaiméir, caithfidh an Roinn leithscéal (scríofa más féidir) a ghabháil leis an gcustaiméir agus iarracht a dhéanamh go mbeidh an tseirbhís ar fáil trí Ghaeilge amach anseo.

EILE

- Ba chóir a chinntiú go bhfuil leagan Gaeilge de gach ciorclán agus treoir a fhoilsíonn an roinn. Ba chóir treoir a thabhairt do gach roinn go mbeidh oibritheoirí le Gaeilge ann chun deileáil le pobal na Gaeltachta.
- Bainfidh an roinn úsáid as leagan oifigiúil de logainmneacha Gaeltachta mar atá fógartha sna hOrduithe Logainmneacha Gaeltachta, de réir na reachtaíochta. Caithfear a chinntiú go bhfuil sibh ag cur seo i bhfeidhm.

CONCLÚID

Caithfear a chinntiú go bhfuil an scéim i bhfad níos láidre an uair seo. Ní léiriú maith é do thacaíocht an roinn do phobal na Gaeilge nuair nach bhfuil 1% in ann an teanga a labhairt. Mar go bhfuil inniúlacht an seirbhís poiblí faoi do chúram, tá dualgas níos mó ag an roinn a chinntiú go bhfuil dea-shampla á thabhairt do na roinn eile i dtaobh inniúlacht na Gaeilge. Bhí éagóir déanta ar phobal na Gaeilge ó 1975 le fáil réidh le Gaeilge mar scil riachtanach do stáitseirbhísigh agus i 2013 gur fuair réidh leis na pointí bónais do hardú chéime. Tá an Ghaeilge níos imeallaithe ná ariamh sa roinn agus sa Seirbhís Poiblí i gcoitinne. Mar sin is deis iontach an scéim seo chun normalú a dhéanamh ar an nGaeilge sa Seirbhís Poiblí. Tá Conradh na Gaeilge sásta an aighneacht seo agus na moltaí atá istigh ann a phlé leis an Roinn ag am ar bith.